



---

*An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh*

---

**2020/0108(COD)**

24.8.2020

## **DRÉACHT-TUAIRIM**

ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Ghnóthaí  
Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle  
lena mbunaítear an Clár InvestEU  
(COM(2020)0403 – C9- 0158/2020 – 2020/0108(COD))

Rapóirtéir don tuairim (\*): Seán Kelly

(\*) Coiste comhlachaithe – Rial 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA\_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar na coistí atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Mórshuaitheadh do gheilleagar an domhain agus an Aontais é paindéim COVID-19. De dheasca na mbeart imshrianta riachtanacha, tá laghdú suntasach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. Meastar go mbeidh crapadh thart ar 7.5 % ar OTI an Aontais in 2020, crapadh i bhfad níos déine ná mar a bhí ann le linn na géarchéime airgeadais in 2009. Tá léirithe de dhroim ráig na paindéime idirnasacht na slabhraí soláthair domhanda agus nochtadh roinnt leochaileachtaí mar atá róspleáchas na dtionscal straitéiseach ar fhoinsí soláthair seachtracha neamhéagsúlaithe. Is gá aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí den sórt sin, chun feabhas a chur fhreagairt éigeandála an Aontais agus ar athléimneacht an gheilleagair ina iomláine, agus in éineacht leis sin a oscailteacht ó thaobh iomaíochta agus trádála de a choinneáil de réir a rialacha. Meastar go bhfuil laghdú mór tagtha ar ghníomhaíocht infheistíochta. Fiú sa tréimhse roimh an bpaindéim, cé go raibh téarnamh ar chóimheasa infheistíochta de réir OTI san Aontas le sonrú, d'fhan siad faoi bhun an méid lena mbeifí ag súil i dtréimhse téarnaimh láidir agus níorbh leor é chun blianta na tearcinfheistíochta i ndiaidh na géarchéime in 2009 a chúiteamh. Go deimhin, ní chumhdaítear riachtanais infheistíochta struchtúrach an Aontais leis na leibhéil infheistíochta agus leis na réamhaisnéisí atá ann faoi láthair chun fás fadtéarmach a atosú agus a chothú

*Leasú*

(1) Mórshuaitheadh do gheilleagar an domhain agus an Aontais é paindéim COVID-19. De dheasca na mbeart imshrianta riachtanacha, tá laghdú suntasach ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san Aontas. Meastar go mbeidh crapadh thart ar 7.5 % ar OTI an Aontais in 2020, crapadh i bhfad níos déine ná mar a bhí ann le linn na géarchéime airgeadais in 2009. Tá léirithe de dhroim ráig na paindéime idirnasacht na slabhraí soláthair domhanda agus nochtadh roinnt leochaileachtaí mar atá róspleáchas na dtionscal straitéiseach ar fhoinsí soláthair seachtracha neamhéagsúlaithe. Ní mór aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí den sórt sin, **go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna)**, chun feabhas a chur ar fhreagairt éigeandála an Aontais agus ar athléimneacht an gheilleagair ina iomláine, **lena n-áirítear trí dhigiú an gheilleagair**, agus a oscailteacht don iomaíocht agus don trádáil a choimeád i gcomhréir lena rialacha. Meastar go bhfuil laghdú mór tagtha ar ghníomhaíocht infheistíochta. Fiú sa tréimhse roimh an bpaindéim, cé go raibh téarnamh ar chóimheasa infheistíochta de réir OTI san Aontas le sonrú, d'fhan siad faoi bhun an mhéid lena mbeifí ag súil i dtréimhse téarnaimh láidir agus níorbh leor é chun blianta na tearcinfheistíochta i ndiaidh na géarchéime in 2009 a chúiteamh. Níos tábhachtaí fós, ní chumhdaítear le leibhéil agus réamh-mheastacháin na hinfeistíochta reatha

d'ainneoin athrú teicneolaíoch agus iomaíochas domhanda a bheith ann; áirítear leis na riachtanais sin atá le cumhdach; an nuálaíocht, scileanna, an bonneagar, **fiontair bheaga agus mheánmhéide** ('FBManna') mar aon leis an ngá aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thábhachtacha shochoaíochas mar atá inbhuanaitheacht nó aosú an daonra. De thoradh sin, d'fhonn cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach agus chun tacú le téarnamh eacnamaíoch gasta cuimsitheach folláin, teastaíonn tacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar staideanna infheistíochta fo-optamacha agus chun an bearna infheistíochta in earnálacha sprioctha a laghdú.

riachtanais an Aontais le haghaidh infheistíocht struchtúrach chun fás fadtéarmach a atosú agus a choinneáil in aghaidh athrú teicneolaíoch agus iomaíochas domhanda, lena n-áirítear an nuálaíocht, scileanna, bonneagar, FBManna agus an gá atá ann aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin shochoaíochas amhail an inbhuanaitheacht nó aosú an daonra. Dá bhrí sin, chun cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach, **go háirithe an déchuspóir dlús a chur leis na haistrithe aeráide agus digiteacha**, agus chun tacú le téarnamh eacnamaíoch tapa, cuimsitheach agus sláintiúil, tá gá le tacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh agus ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus chun an bearna infheistíochta in earnálacha spriocdhírithé a laghdú.

Or. en

## Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Ba cheart don Chiste InvestEU cur leis an méid a leanas, mar atá; feabhas ar iomaíochas **agus** ar chóineasú socheacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear i réimse na nuálaíochta agus an digitithe, úsáid thíosach ar acmhainní i gcomhréir leis an ngeilleagar ciorclach, inbhuanaitheacht agus cuimsitheacht fhás eacnamaíoch an Aontais, athléimneacht shóisialta agus comhtháthú mhargaí caipitil an Aontais, lena n-áirítear réitigh a thugann aghaidh ar ilroinnt mhargaí caipitil an Aontais agus a dhéanann foinsí maoinithe d'fhiontair san Aontas a éagsúlú. Chun na críche sin, ba cheart don Chiste InvestEU tacú le tionscadail atá inmharthana ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de trí fhoráil a dhéanamh maidir le creat i ndáil le hionstraimí

*Leasú*

(5) Ba cheart don Chiste InvestEU cur leis an méid a leanas, mar atá; feabhas ar iomaíochas, ar chóineasú socheacnamaíoch, ar chomhtháthú **agus ar fhás eacnamaíoch fadtéarmach** an Aontais, lena n-áirítear i réimsí na nuálaíochta agus an digitithe, úsáid thíosach ar acmhainní i gcomhréir leis an ngeilleagar ciorclach, inbhuanaitheacht agus cuimsitheacht fhás eacnamaíoch an Aontais athléimneacht shóisialta agus comhtháthú mhargaí caipitil an Aontais, lena n-áirítear réitigh a thugann aghaidh ar ilroinnt mhargaí caipitil an Aontais agus a dhéanann foinsí maoinithe d'fhiontair san Aontas a éagsúlú. Chun na críche sin, ba cheart don Chiste InvestEU tacú le tionscadail atá inmharthana ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de

fiachais, ionstraimí roinnte riosca agus ionstraimí cothromais a úsáid faoina gcuirfear taca le ráthaíocht ó bhuiséad an Aontais agus le ranníocaíochtaí airgeadais ó chomhpháirtithe cur chun feidhme de réir mar is ábhartha. Ba cheart go mbeadh an Ciste InvestEU dírithe ar an éileamh, agus ag an am céanna ba cheart dó díriú ar thairbhí straitéiseacha fadtéarmacha a sholáthar i ndáil le príomhréimsí de bheartas an Aontais nach ndéanfaí cistiú orthu nó nach ndéanfaí cistiú leordhóthanach orthu murach sin, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Ba cheart go gcumhdóidh tacaíocht ón gCiste InvestEU raon leathan earnálacha agus réigiún, ach níor cheart dó díriú an-iomarca ar aon earnáil nó ar aon réigiún geografach agus ba cheart go n-éascóidh sé rochtain ar thionscadail atá comhdhéanta d'eintitis chomhpháirtíochta ***i roinnt*** réigiún ar fud an Aontais.

trí fhoráil a dhéanamh maidir le creat i ndáil le hionstraimí fiachais, ionstraimí roinnte riosca agus ionstraimí cothromais a úsáid faoina gcuirfear taca le ráthaíocht ó bhuiséad an Aontais agus le ranníocaíochtaí airgeadais ó chomhpháirtithe cur chun feidhme de réir mar is ábhartha. Ba cheart go mbeadh an Ciste InvestEU dírithe ar an éileamh, agus ag an am céanna ba cheart dó díriú ar thairbhí straitéiseacha fadtéarmacha a sholáthar i ndáil le príomhréimsí de bheartas an Aontais nach ndéanfaí cistiú orthu nó nach ndéanfaí cistiú leordhóthanach orthu murach sin, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le cuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach. Ba cheart go gcumhdóidh tacaíocht ón gCiste InvestEU raon leathan earnálacha agus réigiún, ach níor cheart dó díriú an-iomarca ar aon earnáil nó ar aon réigiún geografach agus ba cheart go n-éascóidh sé rochtain ar thionscadail atá comhdhéanta d'eintitis chomhpháirtíochta ***a bhfuil ardacmhainneacht fáis acu agus i bpríomhearnálacha straitéiseacha i ngach*** réigiún ar fud an Aontais.

Or. en

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(14) Mar gheall ar rátaí ísle infheistíochta bonneagair san Aontas le linn na géarchéime airgeadais agus arís eile le linn na géarchéime COVID-19, baineadh an bonn de chumas an Aontais chun borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe, iomaíochas agus faoin gcóineasú. Cruthaíonn sé riosca freisin go ndéanfar míchothromaíochtaí a chomhdhlúthú agus go gcuirfear isteach ar fhorbairt fhadtéarmach na réigiún. Is gá infheistíochtaí measartha mór a dhéanamh

*Leasú*

(14) Mar gheall ar rátaí ísle infheistíochta bonneagair san Aontas le linn na géarchéime airgeadais agus arís eile le linn ghéarchéim COVID-19, baineadh an bonn de chumas an Aontais borradh a chur faoin bhfás inbhuanaithe, ***faoin gcruthú post***, faoin iomaíochas agus faoin gcóineasú. Cruthaíonn sé riosca freisin go ndéanfar míchothromaíochtaí a chomhdhlúthú agus go gcuirfear isteach ar fhorbairt fhadtéarmach na réigiún, ***rud atá le feiceáil go háirithe maidir leis an***

sa bhonneagar san Aontas, go háirithe maidir le hidirnascadh agus éifeachtúlacht fuinnimh agus chun Limistéar Iompair Eorpach Aonair a chruthú, is gá na hinfheistíochtaí sin a dhéanamh chun spriocanna inbhuanaitheachta an Aontais a chomhlíonadh, gealltanais an Aontais i leith SFIInna, agus spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 san áireamh. Dá réir sin, ba cheart tacaíocht ón gCiste InvestEU díriú ar infheistíochtaí in iompar, fuinneamh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite agus foinsí fuinnimh astaíochtaí ísle atá sábháilte agus inbhuanaithe, bonneagar comhshaoil, bonneagar a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, bonneagar muirí agus bonneagar digiteach. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gClár InvestEU tosaíocht a thabhairt do réimsí atá gann ar infheistíocht, agus ina bhfuil gá le tuilleadh infheistíochta. Chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag tacaíocht mhaoiniúcháin an Aontais agus as an mbreisluach a bheidh ag an tacaíocht sin, is iomchuí próiseas infheistíochta cuíchóirithe a chur chun cinn chun gur féidir líon na dtionscadal a bheidh ar na bacáin a fheiceáil agus go mbeidh leanúnachas ann idir na cláir ábhartha uile atá ag an Aontas. Agus aird á tabhairt ar bhagairtí sábháilteachta agus slándála, ba cheart go n-áireofaí bearta maidir le hathléimneacht bonneagair do thionscadail infheistíochta a fhaigheann tacaíocht ón Aontas, lena n-áirítear cothabháil agus sábháilteacht bonneagair, agus prionsabail maidir le saoránaigh a chosaint i spásanna poiblí a chur san áireamh. Ba cheart an méid sin a bheith comhlántach leis na hiarrachtaí arna ndéanamh ag cistí eile an Aontais lena dtugtar tacaíocht do chomhpháirteanna slándála infheistíochtaí sa mhéid a leanas; spásanna poiblí, iompar, fuinneamh agus bonneagar criticiúil eile, mar atá Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

***mbonneagar digiteach. Tá sé rithábhachtach tacú leis an nascacht i réigiúin uile an Aontais, digitú na seirbhísí poiblí a spreagadh, tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí digiteacha nuathionscanta agus do FBManna nuálacha chun a chur ar a gcumas dul san iomaíocht agus méadú ar scála níos fearr, agus dlús a chur le claoclú digiteach an gheilleagair ina iomláine chun iomaíochas fadtéarmach agus athléimneacht gheilleagar an Aontais a mhéadú.*** Is gá infheistíochtaí measartha mór a dhéanamh sa bhonneagar san Aontas, go háirithe maidir le hidirnascadh agus éifeachtúlacht fuinnimh agus chun Limistéar Iompair Eorpach Aonair a chruthú, is gá na hinfheistíochtaí sin a dhéanamh chun spriocanna inbhuanaitheachta an Aontais a chomhlíonadh, gealltanais an Aontais i leith SFIInna, agus spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 san áireamh. Dá réir sin, ba cheart tacaíocht ón gCiste InvestEU díriú ar infheistíochtaí in iompar, fuinneamh, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite agus foinsí fuinnimh astaíochtaí ísle atá sábháilte agus inbhuanaithe, bonneagar comhshaoil, bonneagar a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, bonneagar muirí agus bonneagar digiteach. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gClár InvestEU tosaíocht a thabhairt do réimsí atá gann ar infheistíocht, agus ina bhfuil gá le tuilleadh infheistíochta. Chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an tionchar a bheidh ag tacaíocht mhaoiniúcháin an Aontais agus as an mbreisluach a bheidh ag an tacaíocht sin, is iomchuí próiseas infheistíochta cuíchóirithe a chur chun cinn chun gur féidir líon na dtionscadal a bheidh ar na bacáin a fheiceáil agus go mbeidh leanúnachas ann idir na cláir ábhartha uile atá ag an Aontas. Agus aird á tabhairt ar bhagairtí sábháilteachta agus slándála, ba cheart go n-áireofaí bearta maidir le hathléimneacht bonneagair do thionscadail infheistíochta a fhaigheann tacaíocht ón

Aontas, lena n-áirítear cothabháil agus sábháilteacht bonneagair, agus prionsabail maidir le saoránaigh a chosaint i spásanna poiblí a chur san áireamh. Ba cheart an méid sin a bheith comhlántach leis na hiarrachtaí arna ndéanamh ag cistí eile an Aontais lena dtugtar tacaíocht do chomhpháirteanna slándála infheistíochtaí sa mhéid a leanas; spásanna poiblí, iompar, fuinneamh agus bonneagar criticiúil eile, mar atá Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

Or. en

## Leasú 4

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Cé go raibh méadú ag teacht ar leibhéal na hinfeistíochta foriomláine san Aontas roimh an ngéarchéim Covid-19, ní raibh an infheistíocht i ngníomhaíochtaí ardriosca mar atá taighde agus nuálaíocht leordhóthanach agus meastar nach foláir gur fhulaing siad buille trom de dheasca na géarchéime. Mar gheall ar an tearcinfeistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht dá bharr sin, tá damáiste á dhéanamh d'iomaíochas tionsclaíoch agus eacnamaíoch an Aontais agus do chaighdeán beatha a chuid saoránach. Ba cheart don Chiste InvestEU na táirgí airgeadais iomchuí a sholáthar chun na céimeanna éagsúla de thimthriall na nuálaíochta agus raon leathan páirtithe leasmhara a chumhdach, go háirithe chun go bhféadfar réitigh a mhéadú agus a chur á n-úsáid ar scála tráchtála san Aontas, chun go mbeidh na réitigh sin iomaíoch ar mhargaí domhanda agus chun barrfheabhas san Aontas a chur chun cinn maidir le teicneolaíochtaí inbhuanaithe ar leibhéal domhanda, i sineirgíocht le Fís Eorpach, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach san áireamh. I ndáil leis sin, ba cheart an taithí

*Leasú*

(18) Cé go raibh méadú ag teacht ar leibhéal na hinfeistíochta foriomláine san Aontas roimh ghéarchéim Covid-19, ní raibh an infheistíocht i ngníomhaíochtaí ardriosca mar atá taighde agus nuálaíocht agus meastar nach foláir gur fhulaing siad buille trom de dheasca na géarchéime. ***Mar chuid den Straitéis Eoraip 2020, d'aontaigh na Ballstáit go n-infheisteofaí 3 % ar a laghad den OTI sa taighde agus sa nuálaíocht faoi 2020, ach nach bhfuil an méid sin bainte amach go dtí seo. Beidh ról tábhachtach ag an taighde agus an nuálaíocht ó thaobh an ghéarchéim a shárú agus na teicneolaíochtaí is gá a chruthú chun beartais agus spriocanna an Aontais a bhaint amach.*** Mar gheall ar an tearcinfeistíocht sa taighde agus sa nuálaíocht dá bharr sin, tá damáiste á dhéanamh d'iomaíochas tionsclaíoch agus eacnamaíoch an Aontais agus do chaighdeán beatha a chuid saoránach. Ba cheart don Chiste InvestEU na táirgí airgeadais iomchuí a sholáthar chun na céimeanna éagsúla de thimthriall na nuálaíochta agus raon leathan páirtithe leasmhara a chumhdach, go háirithe chun

a fhaightear ó na hionstraimí airgeadais, mar atá Innov – Maoiniú ó AE do Nuálaithe, arna imlonnú faoi Fhís Eorpach 2020 chun rochtain ar mhaoiniú a éascú agus luas a chur léi do ghnólachtaí nuálacha, a bheith ina bhonn láidir chun an tacaíocht spriocdhírthe sin a sheachadadh.

go bhféadfar réitigh a mhéadú agus a chur á n-úsáid ar scála tráchtála san Aontas, chun go mbeidh na réitigh sin iomaíoch ar mhargaí domhanda agus chun barrfheabhas san Aontas a chur chun cinn maidir le teicneolaíochtaí inbhuanaithe ar an leibhéal domhanda, i sineirgíocht le Fhís Eorpach, an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach san áireamh. I ndáil leis sin, ba cheart an taithí a fhaightear ó na hionstraimí airgeadais, mar atá Innov – Maoiniú ó AE do Nuálaithe, arna n-imlonnú faoi Fhís Eorpach 2020 chun rochtain ar mhaoiniú a éascú agus dlús a chur léi do ghnólachtaí nuálacha, a bheith ina bonn láidir chun an tacaíocht spriocdhírthe sin a sheachadadh.

Or. en

## Leasú 5

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 19

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) Is réimse tábhachtach í an turasóireacht do gheilleagar an Aontais **agus** d'fhulaing **an earnáil** crapadh thar a bheith dian de thoradh ar phaindéim COVID-19. Ba cheart go rannchuideodh an Clár InvestEU lena hiomaíochas fadtéarmach a neartú trí thacú le **gníomhaíochtaí a chuireann** turasóireacht inbhuanaithe, nuálach agus dhigiteach **chun cinn**.

*Leasú*

(19) Is réimse tábhachtach í an turasóireacht do gheilleagar an Aontais, **agus níos mó ná 22 mhilliún duine fostaithe inti**. D'fhulaing earnáil **na turasóireachta** crapadh thar a bheith dian de thoradh phaindéim COVID-19, **agus meastar go raibh 85 % de chailteanais ioncaim ann i gcás óstán, bialann, tionscnóirí turas, gníomhaireachtaí taistil agus iarnróid fadachair, agus 90 % i gcás turais mhara agus aerlínte ó mhí na Bealtaine 2020 ar aghaidh**. Ba cheart go rannchuideodh an Clár InvestEU lena hiomaíochas fadtéarmach a neartú trí thacú le **téarnamh** inbhuanaithe, nuálach agus digiteach **in earnáil** na turasóireachta.

Or. en



**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Aithris 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) Sa ghéarchéim eacnamaíoch a ghabhann leis an bpaindéim Covid-19, níl leithdháileadh acmhainní go hiomlán éifeachtúil agus cuireann riosca a mheastar a bheith ann isteach go mór ar shreabhadh infheistíocht phríobháideach. Sna cúinsí sin, bíonn an phríomhghné den Chiste InvestEU chun an riosca a mhaolú i gcás tionscadal inmharthana chun airgeadas príobháideach a mhealladh thar a bheith luachmhar agus ba cheart í a threisiú, *inter alia* chun frithghníomh i gcoinne an riosca de théarnamh neamshiméadrach. Ba cheart go mbeadh an Clár InvestEU in ann tacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil do chuideachtaí le linn na céime téarnaimh agus san am céanna fócas láidir infheisteoirí a áirithiú ar thosaíochtaí beartais an Aontais sa mheántearma agus san fhadtearma mar atá an Comhaontú Glas don Eoraip, Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Straitéis maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú agus maidir le hEoraip Shóisialta Láidir d’Aistrithe Córa. Ba cheart go gcuirfidh sé go mór le cumas glactha riosca Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus na mbanc agus na n-institiúidí náisiúnta promóisin agus comhpháirtithe cur chun feidhme eile chun tacú le téarnamh eacnamaíoch.

*Leasú*

(24) Sa ghéarchéim eacnamaíoch a ghabhann le paindéim Covid-19, níl leithdháileadh acmhainní go hiomlán éifeachtúil agus cuireann riosca a mheastar a bheith ann isteach go mór ar shreabhadh infheistíochta príobháidí. Sna himthosca sin, bíonn an phríomhghné den Chiste InvestEU chun an riosca a mhaolú i gcás tionscadail inmharthana chun airgeadas príobháideach a mhealladh thar a bheith luachmhar agus ba cheart í a threisiú, *inter alia*, chun frithghníomh i gcoinne an riosca go mbeidh téarnamh neamshiméadrach ann. Ba cheart go mbeadh an Clár InvestEU in ann tacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil do chuideachtaí le linn na céime téarnaimh, ***go háirithe FBManna***, agus san am céanna fócas láidir infheisteoirí a áirithiú ar thosaíochtaí beartais an Aontais sa mheántearma agus san fhadtearma amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, Plean Infheistíochta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, an Straitéis maidir le Todhchaí Dhigiteach na hEorpa a Mhúnlú, ***an Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, an Páipéar Bán maidir leis an Intleacht Shaorga, an Straitéis Tionsclaíoch nua don Eoraip lena n-áirítear an cur chuige éiceachórais, an Straitéis do FBManna***, agus an Eoraip Shóisialta Láidir d’Aistrithe Córa. Ba cheart go gcuirfidh sé go mór le cumas glactha riosca Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) agus na mbanc agus na n-institiúidí náisiúnta promóisin agus comhpháirtithe cur chun feidhme eile chun tacú le téarnamh eacnamaíoch.

Or. en

## Leasú 7

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 25

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) Mórshuaitheadh do gheilleagar an domhain agus an Aontais é paindéim COVID-19. Meastar go mbeidh an crapadh ar OTI an Aontais i bhfad níos déine ná mar a bhí ann le linn na géarchéime airgeadais in 2009 agus is cinnte go bhfuil drochéifeachtaí sóisialta dosheachanta. Léirigh ráig na paindéime gur gá aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí straitéiseacha den sórt sin chun feabhas a chur fhreagairt éigeandála an Aontais agus ar athléimneacht an gheilleagair ina iomláine. Ní féidir ach le geilleagar Eorpach athléimneach cuimsitheach agus comhtháite an Margadh Aonair agus cothrom iomaíochta a chaomhnú, rud a bheidh chun tairbhe na mBallstát a fuair na buillí ba throime freisin.

*Leasú*

(25) Mórshuaitheadh do gheilleagar an domhain agus an Aontais é paindéim COVID-19. Meastar go mbeidh an crapadh ar OTI an Aontais i bhfad níos déine ná mar a bhí ann le linn na géarchéime airgeadais in 2009 agus is cinnte go bhfuil na drochéifeachtaí sóisialta dosheachanta. Léirigh ráig na paindéime gur gá aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí straitéiseacha den sórt sin chun feabhas a chur ar fhreagairt éigeandála an Aontais agus ar athléimneacht an gheilleagair ina iomláine. Ní féidir ach le geilleagar Eorpach athléimneach, **digitithe**, cuimsitheach agus comhtháite an Margadh Aonair agus cothrom iomaíochta a chaomhnú, rud a rachaidh chun tairbhe na mBallstát a fuair na buillí ba throime freisin.

Or. en

## Leasú 8

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 28

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(28) Ba cheart go mbeadh príomhfhócas an ionú um infheistíocht straitéiseach san Eoraip ar thacaíocht do na faighteoirí deiridh atá bunaithe i mBallstát agus i mbun oibríochta san Aontas agus a bhfuil a ngníomhaíochtaí tábhachtach ó thaobh straitéise de don Aontas go háirithe ag féachaint do na haistriú, idir **ghlas** agus dhigiteach, agus d'athléimneacht fheabhsaithe **sna** réimsí a leanas; (i) soláthar cúram sláinte criticiúil, monarú agus stoc-charnadh cógas, gléasanna míochaine agus soláthairtí míochaine, an cumas freagartha géarchéime sláinte agus

*Leasú*

(28) Ba cheart go mbeadh príomhfhócas an ionú um infheistíocht straitéiseach Eorpach ar thacaíocht a chur ar fáil do na faighteoirí deiridh atá bunaithe i mBallstát agus i mbun oibríochta san Aontas agus a bhfuil a ngníomhaíochtaí tábhachtach ó thaobh straitéise de don Aontas go háirithe ag féachaint don aistriú aeráide agus don aistriú digiteach, **ach a fheabhsaíonn iomaíochas gheilleagar na mBallstát freisin, lena n-áirítear an gá atá le acmhainneacht táirgthe na mBallstát a atógáil agus infheistíochtaí atá dírithe ar an todhchaí a chruthú chun an**

an córas cosanta sibhialta a neartú, (ii) bonneagar criticiúil, bíodh sé fisiciúil nó fíorúil; (iii) soláthar earraí agus seirbhísí atá lárnach d'oibriú agus do chothabháil an bhonneagair sin, (iv) eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin, claochlaitheacha, glasa agus digiteacha agus nuálaíochtaí ceannródaíocha i gcás ina bhfuil an infheistíocht tábhachtach go straitéiseach do thodhchaí thionsclaíoch an Aontais, lena n-áirítear intleacht shaorga, blocshlabhra, bogearraí, róbataic, leathsheoltóirí, micreaphróiseálaithe, teicneolaíochtaí imeall-ríomhaireachta agus néalríomhaireachta, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, cibearshlándáil, teicneolaíochtaí candamacha, teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, teicneolaíochtaí stórála fuinnimh lena n-áirítear ceallraí, teicneolaíochtaí iompair inbhuanaithe, feidhmeanna na hidrigine glaine agus na cille breosla, teicneolaíochtaí dícharbónaithe don earnáil tionsclaíochta, gabháil agus stóráil carbóin, teicneolaíochtaí an gheilleagair chiorclaigh, bithleigheas, nanaitheicneolaíochtaí, cógaisíocht agus ardábhair; (v) saoráidí monaraíochta le haghaidh olltáirgeadh comhpháirteanna agus gléasanna Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta san Aontas; (vi) ionchuir chriticiúla a stoc-chnardh agus a sholáthar do ghníomhaithe poiblí, do ghnóthaí nó do thomhaltóirí san Aontas; (vii) teicneolaíochtaí criticiúla agus ionchur i gcomhair shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, amhail earnálacha spáis agus cosanta agus an chibearshlándáil, agus ítimí dé-úsáide mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle. Ba cheart go mbeadh oifig chláráithe na bhfaighteoírí deiridh i mBallstát agus ba cheart go mbeidís gníomhach san Aontas, is é sin le rá go mbíonn siad i mbun gníomhaíochtaí suntasacha ó thaobh foirne, monaraíochta, taighde agus forbartha nó gníomhaíochtaí gnó eile san Aontas. Ba cheart gur féidir le tionscadail a chuirfeadh le héagsúlú na

*fhiontraíocht agus cruthú post a chur chun cinn*, agus don athléimneacht fheabhsaithe, *lena n-áirítear tríd an spleáchas ar shlabhraí leochaileacha soláthair a laghdú. Ba cheart do thionscadail breisluach a chur leis an Aontas agus ba cheart gur tionscadail trasteorann iad nó ba cheart iad a bheith in ann fíor-bhreisluach a ghiniúint i níos mó ná Ballstát nó réigiún amháin de bharr éifeachtaí iarmharta. Níor cheart d'aon tacaíocht sreabhadh isteach go díreach sna buiséid náisiúnta nó teacht in ionad an chaiteachais bhuiséadaigh náisiúnta, amhail sochair shóisialta. Ar na réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo tá: (i) soláthar cúraim sláinte chriticiúil, monarú agus stoc-chnardh cógas, feistí leighis agus soláthairtí leighis, an cumas freagartha do géarchéimeanna sláinte agus an córas cosanta sibhialta a neartú, (ii) bonneagar criticiúil, bíodh sé fisiciúil nó fíorúil; (iii) soláthar earraí agus seirbhísí atá lárnach d'oibriú agus cothabháil an bhonneagair sin, (iv) príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, claochlaitheacha, glasa agus digiteacha agus nuálaíochtaí ceannródaíocha i gcás ina bhfuil an infheistíocht tábhachtach go straitéiseach do thodhchaí thionsclaíoch an Aontais, lena n-áirítear an intleacht shaorga, blocshlabhra, bogearraí, róbataic, leathsheoltóirí, micreaphróiseálaithe, teicneolaíochtaí imeall-ríomhaireachta agus néalríomhaireachta, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, an chibearshlándáil, teicneolaíochtaí candamacha, teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite **go háirithe chun an straitéis fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chur chun feidhme**, teicneolaíochtaí stórála fuinnimh lena n-áirítear ceallraí, teicneolaíochtaí iompair inbhuanaithe, feidhmeanna na hidrigine glaine agus na cille breosla, teicneolaíochtaí dícharbónaithe don earnáil tionsclaíochta, gabháil agus stóráil carbóin, teicneolaíochtaí an gheilleagair chiorclaigh, an bithleigheas, nanaitheicneolaíochtaí, an chógaisíocht*

slabhraí soláthair straitéiseacha sa Mhargadh Aontais trí oibríochtaí i roinnt suíomhanna éagsúla ar fud an Aontais in ann tairbhe a bhaint as.

agus ardábhair; (v) saoráidí monaraíochta le haghaidh olltáirgeadh comhpháirteanna agus gléasanna Faisnéise, Cumarsáide agus Teicneolaíochta san Aontas; (vi) ionchuir chriticiúla a stoc-charnadh agus a sholáthar do ghníomhaithe poiblí, do ghnóthaí nó do thomhaltóirí san Aontas; (vii) teicneolaíochtaí criticiúla agus ionchur i gcomhair shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, amhail earnálacha spáis agus cosanta agus an chibearshlándáil, agus ítimí dé-úsáide mar a shainmhínítear iad i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle. Ba cheart go mbeadh oifig chláráithe na bhfaighteoírí deiridh i mBallstát agus ba cheart go mbeidís gníomhach san Aontas, is é sin le rá go mbíonn siad i mbun gníomhaíochtaí suntasacha ó thaobh foirne, monaraíochta, taighde agus forbartha nó gníomhaíochtaí gnó eile de san Aontas. **Ba cheart go n-áiritheodh dáileadh an imchlúdaigh airgeadais tacaíocht le haghaidh na n-aistríthe comhthreomhara digiteacha agus aeráide go háirithe.** Ba cheart gur féidir le tionscadail a rannchuidíonn le héagsúlú na slabhraí soláthair straitéiseacha sa Mhargadh Aontais trí oibríochtaí i roinnt suíomhanna éagsúla ar fud an Aontais a bheith in ann tairbhe a bhaint as.

Or. en

## Leasú 9

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 29

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(29) Ba cheart go ndíreofaí an t-ionú um infheistíocht straitéiseach san Eoraip ar sholáthróirí sprioctha a bheadh bunaithe agus ag oibriú san Aontas agus a mbeadh a ngníomhaíochtaí tábhachtach ó thaobh straitéise de don Aontas agus a mbeadh infheistíocht fhadtéarmach ag teastáil uathu nó a mbeadh clúdaithe faoin sásra um

*Leasú*

(29) Ba cheart an t-ionú um infheistíocht straitéiseach Eorpach a bheith dírithe freisin ar sholáthraithe a bheadh bunaithe agus ag oibriú san Aontas agus a mbeadh a ngníomhaíochtaí tábhachtach ó thaobh straitéise de don Aontas agus a mbeadh infheistíocht fhadtéarmach ag teastáil uathu nó a bheadh clúdaithe faoin sásra um

scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh tionscadail thábhachtacha a bheadh chun leas na hEorpa i gcoitinne go háirithe in ann tairbhe a bhaint as an ionú um infheistíocht straitéiseach san Eoraip.

scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh tionscadail thábhachtacha a bheadh chun leas na hEorpa i gcoitinne go háirithe in ann tairbhe a bhaint as an ionú um infheistíocht straitéiseach Eorpach.

*Mar sin féin, níor cheart tacaíocht airgeadais a chur ar fáil i gcás nach bhfuil tionscadal i gcomhréir le leasanna straitéiseacha agus eacnamaíocha an Aontais, mar shampla i gcás tionscadail a mhéadódh an spleáchas ar shlabhraí soláthair leochaileacha nó neamhéagsúlaithe.*

Or. en

## Leasú 10

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 29 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(29a) Tríd an ionú um infheistíocht straitéiseach Eorpach a chur isteach, ba cheart freastal ar riachtanais straitéiseacha an Aontais agus ar a rathúnas eacnamaíoch amach anseo. Tá gá leis an ionú sin a chruthú mar thoradh ar an ráig dhomhanda de Covid-19, ar a thionchar ar shlabhraí soláthair agus ar theacht chun cinn laigi áirithe. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach go n-áiritheofar infheictheacht chistiú an Aontais ón gCiste InvestEU, agus go háirithe an t-ionú um infheistíocht straitéiseach Eorpach agus na tosaíochtaí straitéiseacha sainaitheanta a ghabhann leis, trí chumarsáid éifeachtach, trí bhéim a chur ar ghníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas agus torthaí chun breisluach an Aontais ón gClár InvestEU a chur chun cinn go leormhaith mar chuid den téarnamh eacnamaíoch.*

Or. en

## Leasú 11

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 59

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(59) Ó thaobh an chiste InvestEU de, tá gá le tacaíocht fothaithe acmhainneachta chun cumas eagraíochtúil agus gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh a fhorbairt, ar nithe iad atá ag teastáil chun tionscadail ardcháilíochta a thionscnamh. Ba cheart go díreodh a leithéid sin de thacaíocht ar idirghabhálacha airgeadais atá ríthábhachtach chun cuidiú le cuideachtaí beaga rochtain a fháil ar mhaoiniú agus lán a n-acmhainneachta a bhaint amach. Anuas air sin, is é an aidhm atá ann na dálaí a chruthú chun go dtiocfaidh méadú ar líon na bhfaighteoirí incháilithe a d'fhéadfadh a bheith ann i ndeighleoga nuaghinte margaidh, go háirithe i gcás ina dtiocfaidh ardú mór ar chostas an idirbhirt ar leibhéal an tionscadail, de thoradh a lú is atá méid na dtionscadal aonair, faoi mar atá i gcás an éiceachórais maoinithe shóisialta. Ba cheart, mar sin, an tacaíocht fothaithe acmhainneachta a bheith comhlántach agus sa bhreis ar ghníomhaíochtaí a dhéantar faoi chlár eile de chuid an Aontais a chumhdaíonn réimse beartais ar leith. Ba cheart iarracht a thabhairt chun tacú le fothú acmhainneachta tionscnóirí tionscadal ionchasach, go háirithe eagraíochtaí agus údaráis áitiúla.

*Leasú*

(59) Ó thaobh an chiste InvestEU de, tá gá le tacaíocht fothaithe acmhainneachta chun cumas eagraíochtúil agus gníomhaíochtaí cruthaithe margaidh a fhorbairt, ar nithe iad atá ag teastáil chun tionscadail ardcháilíochta a thionscnamh. Ba cheart go ndíreodh a leithéid sin de thacaíocht ar idirghabhálacha airgeadais atá ríthábhachtach chun cuidiú le cuideachtaí beaga rochtain a fháil ar mhaoiniú agus lán a n-acmhainneachta a bhaint amach, **agus ba cheart cúnamh teicniúil a bheith san áireamh inti. Ba cheart béim ar leith a chur ar an ualach riaracháin a laghdú, go háirithe do FBManna.** Anuas air sin, is é an aidhm atá ann na dálaí a chruthú chun go dtiocfaidh méadú ar líon na bhfaighteoirí incháilithe a d'fhéadfadh a bheith ann i ndeighleoga nuaghinte margaidh, go háirithe i gcás ina dtiocfaidh ardú mór ar chostas an idirbhirt ar leibhéal an tionscadail, de thoradh a lú is atá méid na dtionscadal aonair, faoi mar atá i gcás an éiceachórais maoinithe shóisialta. Ba cheart, mar sin, an tacaíocht fothaithe acmhainneachta a bheith comhlántach agus sa bhreis ar ghníomhaíochtaí a dhéantar faoi chlár eile de chuid an Aontais a chumhdaíonn réimse beartais ar leith. Ba cheart iarracht a dhéanamh tacú le fothú acmhainneachta na dtionscnóirí tionscadal ionchasach, go háirithe eagraíochtaí agus údaráis áitiúla.

Or. en

## Leasú 12

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 61

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(61) I gcomhréir le Rialachán [Ionstraim Téarnaimh an Aontais Eorpaigh] agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá dáilte ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta **faoin** InvestEU a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar thionchar gan fasach na géarchéime Covid-19. Ba cheart acmhainní breise a úsáid ar bhealach chun comhlíontacht leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear in Rialachán [EURI] a áirithiú.

*Leasú*

(61) I gcomhréir le Rialachán [Ionstraim Téarnaimh an Aontais Eorpaigh] agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá dáilte ann, ba cheart bearta téarnaimh agus athléimneachta faoi InvestEU a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim Covid-19 nach bhfacthas a leithéid riamh cheana **agus, i gcomhréir le cuspóirí an ionú um infheistíocht straitéiseach Eorpach, chun tacú le fás fadtéarmach, le poist ardcháilíochta agus le hiomaíochas**. Ba cheart acmhainní breise a úsáid ar bhealach lena ndéantar comhlíontacht leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear i Rialachán [EURI] a áirithiú.

Or. en

## **Leasú 13**

### **Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) téarnamh inbhuanaithe cuimsitheach gheilleagar an Aontais tar éis na géarchéime a tháinig de thoradh phaindéim COVID-19, buanú agus neartú shlabhraí luacha straitéiseacha an gheilleagair sin, agus coinneáil agus atreisiú gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint leo i ndáil le bonneagar criticiúil, le teicneolaíochtaí claochlaitheacha, le **nuálaíochtaí** a thugann athrú ó bhonn agus le hionchur eile a dhéanann difear do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

*Leasú*

(g) téarnamh inbhuanaithe cuimsitheach gheilleagar an Aontais, **agus go háirithe FBManna**, tar éis na géarchéime a tháinig de thoradh phaindéim COVID-19, buanú agus neartú shlabhraí luacha straitéiseacha an gheilleagair sin agus **a n-aistrithe digitithe agus aeráide**, agus coinneáil agus treisiú gníomhaíochtaí a bhfuil tábhacht straitéiseach don Aontas ag baint leo i ndáil le bonneagar criticiúil, le teicneolaíochtaí claochlaitheacha, **le taighde agus nuálaíocht** cheannródaíoch agus le hionchur eile a dhéanann difear do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí.

Or. en

## Leasú 14

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar suim EUR 31 153 850 000 (i bpraghsanna reatha) den mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 a leithdháileadh le haghaidh oibríochtaí lena gcuirtear chun feidhme na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [EURI] i leith na gcuspóirí dá dtagraítear i bpointe (e) d’Airteagal 3(2).

*Leasú*

2. Déanfar suim EUR 31 153 850 000 (i bpraghsanna reatha) den mhéid dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 a leithdháileadh le haghaidh oibríochtaí lena gcuirtear chun feidhme na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán [EURI] i leith na gcuspóirí dá dtagraítear i bpointe (e) d’Airteagal 3(2). ***Ba cheart an tsuim sin a dháileadh go cothrom idir tionscnaimh a thacaíonn leis an aeráid agus leis na haistrithe digiteacha chun tacaíocht leormhaith a áirithiú don dá dhúshlán.***

Or. en

## Leasú 15

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) ionú beartais straitéiseach Eorpach lena gcuimsítear infheistíocht straitéiseach chun tacú le faighteoirí deiridh atá bunaithe i mBallstát agus ar san Aontas atá siad ag oibriú, agus a ngabhann lena gcuid gníomhaíochtaí tábhacht straitéiseach don Aontas, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ***ghlais*** agus an aistrithe dhigitigh agus i bhfianaise na hathléimneachta feabhsaithe, i gceann de na réimsí seo a leanas:

*Leasú*

(e) ionú um beartas infheistíochta straitéisí Eorpaí lena gcuimsítear infheistíocht atá straitéiseach ***agus dírithe ar an todhchaí*** chun tacú le faighteoirí deiridh atá bunaithe i mBallstát agus ar san Aontas atá siad ag oibriú, agus a ngabhann lena gcuid gníomhaíochtaí tábhacht straitéiseach don Aontas, go háirithe ag féachaint don aistriú aeráide agus don aistriú digiteach ***ach lena bhfeabhsaítear freisin iomaíochas gheilleagar na mBallstát, lena n-áirítear an gá acmhainneacht táirgthe na mBallstát a atógáil agus an fhiontraíocht agus cruthú post a chur chun cinn***, agus don athléimneacht feabhsaithe, i gceann de na réimsí seo a leanas:

Or. en



**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – pointe ii a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*íia) infheistíocht agus cúnamh teicniúil do chuideachtaí, go háirithe do FBManna, chun a ngnólachtaí a dhigitiú agus athléimneacht a gcuid slabhraí luacha agus samhlacha gnó a mhéadú mar aon le tionscnaimh chun an fhiontraíocht a chur chun cinn;*

Or. en

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – pointe ii b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*íib) infheistíocht straitéiseach i dtionscadail fuinnimh in-athnuaite lena mbaineann acmhainneacht mhór rannchuidiú go mór leis na spriocanna a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 a bhaint amach, ag díriú go háirithe ar dhlús a chur leis an imlonnú sna réigiúin sin de chuid an Aontais a bhfuil na hacmhainní in-athnuaite is flúirsí acu;*

Or. en

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – pointe iv – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(iv) príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, claochlaitheacha, **glasa** agus digiteacha agus **nuálaíochtaí** a thugann athrú ó bhonn a bhfuil tábhacht

(iv) príomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin, claochlaitheacha, **ísealcharbóin** agus digiteacha agus **taighde agus nuálaíocht** cheannródaíoch a bhfuil

straitéiseach ag gabháil leo do thodhchaí na tionsclaíochta san Aontais, *ar a n-áirítear*

tábhacht straitéiseach ag gabháil leo do thodhchaí na tionsclaíochta *agus don iomaíochas fadtéarmach san Aontas, agus atá i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa chlár Fís Eorpach; déanfar an infheistíocht sin freisin i gcomhréir leis na straitéisí fadtéarmacha le haghaidh thodhchaí thionsclaíoch na hEorpa agus le haghaidh FBManna Eorpacha; ar na réimsí sin tá:*

Or. en

## Leasú 19

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – pointe iv – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite, teicneolaíochtaí stórála fuinnimh ar a n-áirítear ceallraí, teicneolaíochtaí iompair inbhuanaithe, úsáid hidrigine glaine agus ceall breosla, teicneolaíochtaí dícharbónúcháin, gabháil agus stóráil carbóin, teicneolaíochtaí geilleagair chiorclaigh,

*Leasú*

(b) teicneolaíochtaí fuinnimh inathnuaite, teicneolaíochtaí stórála fuinnimh ar a n-áirítear ceallraí, teicneolaíochtaí iompair inbhuanaithe, úsáid hidrigine glaine agus ceall breosla, teicneolaíochtaí dícharbónúcháin le haghaidh na tionsclaíochta *agus na heitlíochta*, gabháil agus stóráil carbóin, teicneolaíochtaí geilleagair chiorclaigh,

Or. en

## Leasú 20

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – pointe vi

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(vi) soláthar agus stoc-charnadh ionchur criticiúil do gníomhaithe poiblí, do ghnólachtaí nó do thomhaltóirí san Aontas Eorpach, ar a n-áirítear soláthar agus stoc-charnadh fuinnimh nó amhábharr nó an tslándáil bia, ag féachaint don éifeachtúlacht acmhainní agus don chiorclacht i slabhraí luacha straitéiseacha;

*Leasú*

(vi) soláthar agus stoc-charnadh na n-ionchur criticiúil do gníomhaithe poiblí, do ghnólachtaí nó do thomhaltóirí san Aontas Eorpach, ar a n-áirítear soláthar agus stoc-charnadh fuinnimh nó amhábharr nó an tslándáil bia, ag féachaint don éifeachtúlacht acmhainní agus don chiorclacht i slabhraí luacha straitéiseacha *agus éiceachórais straitéiseacha;*

**Leasú 21****Togra le haghaidh rialacháin****Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – pointe vii – mír 2***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chomh maith leis sin, i gcás infheistíochtaí i dtionscadail spáis, cosanta agus cibearshlándála, agus i gcineálacha sonracha tionscadal a bhfuil impleachtaí slándála de chineál díreach iarbhír acu in earnálacha criticiúla, ní bheidh na faighteoirí deiridh á rialú ag tríú tíortha ná ag eintitis tríú tír agus is san Aontas a bheidh an bhainistíocht feidhmiúcháin acu d’fhonn slándáil an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.

*Leasú*

Sa bhreis air sin, i gcás infheistíochtaí i dtionscadail spáis, cosanta agus cibearshlándála, agus i gcineálacha sonracha tionscadal a bhfuil impleachtaí slándála de chineál díreach iarbhír acu in earnálacha criticiúla, ní bheidh na faighteoirí deiridh á rialú ag tríú tíortha ná ag eintitis tríú tír agus is san Aontas a bheidh an bhainistíocht feidhmiúcháin acu d’fhonn slándáil an Aontais agus a Bhallstát a chosaint. ***Ní chuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil i gcás nach bhfuil tionscadal i gcomhréir le leasanna straitéiseacha agus eacnamaíocha an Aontais, mar shampla le haghaidh tionscadail a mhéadódh spleáchas ar shlabhraí soláthair leochaileacha nó neamhéagsúlaithe.***

Or. en

**Leasú 22****Togra le haghaidh rialacháin****Airteagal 7 – mír 1 – pointe e – pointe vii – mír 2 a (nua)***Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chomh maith leis sin, i gcás infheistíochtaí i dtionscadail spáis, cosanta agus cibearshlándála, agus i gcineálacha sonracha tionscadal a bhfuil impleachtaí slándála de chineál díreach iarbhír acu in earnálacha criticiúla, ní bheidh na faighteoirí deiridh á rialú ag tríú tíortha ná ag eintitis tríú tír agus is san Aontas a bheidh an bhainistíocht feidhmiúcháin acu d’fhonn slándáil an Aontais agus a Bhallstát a chosaint.

*Leasú*

***Déanfar an maoiniú agus an infheistíocht faoin ionú sin arna leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an aistriú aeráide agus digiteach a dháileadh go cothrom idir an dá dhúshlán chomhthreomhara.***

Or. en

## Leasú 23

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 6 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfidh na comhpháirtithe cur chun feidhme sprioc i bhfeidhm arb é a bheidh inti **60** % ar a laghad den infheistíocht faoin ionú beartais bonneagair inbhuanaithe a chuidíonn cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh.

*Leasú*

Cuirfidh na comhpháirtithe sprioc i bhfeidhm arb é a bheidh inti **55** % ar a laghad den infheistíocht faoin ionú um beartas bonneagair inbhuanaithe a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh.

Or. en

## Leasú 24

### Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 24 – mír 2 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh sé cúnamh do thionscnóirí tionscadail a dtionscadail a fhorbairt chun go gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 3 agus 7 agus na critéir incháilitheachta a leagtar amach in 13, **agus** éascóidh sé an obair fhorbartha ar Thionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne agus ar chomhbhailitheoirí le haghaidh tionscadail bheaga, ar a n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin na hardáin infheistíochta dá dtagraítear i bpointe (f) den mhír seo, ar choinníoll nach mbeidh an cúnamh sin ina chúis le haon réamhbhreith i gconclúidí an Choiste Infheistíochta i ndáil le cumhdach na ráthaíochta AE le haghaidh na dtionscadal sin;

*Leasú*

(c) i gcás inarb iomchuí, tabharfaidh sé cúnamh do thionscnóirí tionscadail a dtionscadail a fhorbairt chun go gcomhlíonfaidh siad na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 3 agus 7 agus na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 13, éascóidh sé an fhorbairt ar Thionscadail Thábhachtacha ar Mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne **agus ar chomhaontais straitéiseacha agus rannchuideoidh sé le slabhraí luacha straitéiseacha a bhunú sa chur chuige éiceachórais** mar aon le comhbhailitheoirí le haghaidh tionscadail bheaga, ar a n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin na n-ardán infheistíochta dá dtagraítear i bpointe (f) den mhír seo, ar choinníoll nach mbeidh an cúnamh sin ina chúis le haon réamhbhreith i gconclúidí an Choiste Infheistíochta i ndáil le cumhdach na ráthaíochta de chuid AE le haghaidh na dtionscadal sin;

Or. en

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn III – pointe 8 – pointe 8.1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8.1 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena rannchuidítear le soláthar bonneagair chriticiúil, arna mhiondealú de réir bonneagar fisiciúil agus earraí agus seirbhísí gaolmhara, i gcás inarb infheidhme

*Leasú*

8.1 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena rannchuidítear le soláthar bonneagair chriticiúil, arna mhiondealú de réir bonneagar fisiciúil **agus fíorúil** agus earraí agus seirbhísí gaolmhara, i gcás inarb infheidhme

Or. en

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn III – pointe 8 – pointe 8.3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8.3 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena rannchuidítear le teicneolaíochtaí agus ionchuir chriticiúla a fhorbairt le haghaidh shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, agus earraí dé-úsáide

*Leasú*

8.3 Líon agus méid na n-oibríochtaí lena rannchuidítear le **taighde agus** forbairt ar theicneolaíochtaí agus ionchuir chriticiúla le haghaidh shlándáil an Aontais agus a Bhallstát, agus earraí dé-úsáide

Or. en

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn II – pointe 8 – pointe 8.7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8.7a Líon agus méid na n-oibríochtaí chun cabhrú le cuideachtaí, go háirithe FB Manna, a gcuid gnólachtaí a dhigitiú;**

Or. en

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn III – pointe 8 – pointe 8.7 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8.7b** *Líon agus méid na n-oibríochtaí chun an fhiontraíocht a chur chun cinn;*

Or. en

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn III – pointe 8 – pointe 8.7 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**8.7c** *Líon agus méid na n-oibríochtaí chun cabhrú le cuideachtaí, go háirithe FBManna, athléimneacht a gcuid slabhraí luacha agus samhlacha gnó a mhéadú.*

Or. en

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Iarscríbhinn V – cuid A – mír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(f) I gcás tacaíocht d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin bhfuinneog infheistíochta Eorpaí straitéisí, ní dhéanfaí an infheistíocht, nó ní dhéanfaí an infheistíocht a mhéid céanna trí mhaoiniú margaidh ó eintitis atá bunaithe agus a oibríonn san Aontas de bharr na ndeacrachtaí atá ann maidir le sochair a inmheánú ar sochair iad a sholáthraítear i dtaobh leas straitéiseach na hEorpa.

(f) I gcás tacaíocht d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta faoin ionú um infheistíocht straitéiseach Eorpach, ní dhéanfaí an infheistíocht, nó ní dhéanfaí an méid céanna infheistíochta, trí mhaoiniú margaidh ó eintitis atá bunaithe agus ag oibriú san Aontas de bharr na ndeacrachtaí atá ann maidir le sochair a inmheánú, ar sochair iad a sholáthraítear i dtaobh leas straitéiseach na hEorpa agus *a hiomaíochais fadtéarmaí.*

Or. en